libraries.fingal.ie

# rSheirbhísí Leabharlann Fhine Gall

## Rochtain SAOR IN AISCE le do chárta leabharlainne

Cuirimid réimse leathan ríomhsheirbhísí ar fáil ar fud na ngléasanna go léir

Seol rPhost chuig library.eservices@fingal.ie má thá tacaíocht uait



Tá Leabharlanna Fhine Gall ar na Meáin Shóisialta

Fingal Libraries are on Social Media

fingal.ie

## BorrowBox

Le BorrowBox is féidir leat brabhsáil, iasacht a fháil agus léamh nó éisteacht le ríomhleabhair agus ríomh-chlosleabhair do leabharlainne agus tú ag imeacht.

Faigh suas le 5 ríomhleabhar agus 5 ríomh-chlosleabhar ag an am céanna.

Bain úsáid as na táib ríomhleabhar agus ríomh-chlosleabhar chun an bailiúchán a bhrabhsáil.

Tá BorrowBox anois mar do sheastán nuachtán digiteach agus tá r-nuachtáin agus ríomhirisí ar fáil anois tríd an dtáb ePress.

Brabhsáil ábhar áitiúil, brabhsáil de réir seánra nó teidil, le BorrowBox ePress níl aon liostaí feithimh, ionas gur féidir leat teacht ar nuachtáin agus irisí am ar bith is mian leat.

Is féidir foilseacháin a léamh ar líne nó a íoslódáil lena léamh as líne.

**Faigh rochtain ar líne nó íoslódáil an aip BorrowBox do na ríomhleabhair, ríomh-chlosleabhair, ríomh-nuachtáin agus ríomhirisí is fearr leat, ar fad in aon áit amháin.**

## Libby

Is margadh iris dhigiteach ar líne é Libby a thairgeann na teidil Bhéarla agus ilteangacha is fearr leat.

Tá breis agus 3,000 teideal ag Libby agus suas le 3 bliana de seaneagráin nuair atá siad ar fáil.

Le seiceáil amach neamhtheoranta agus gan aon liostaí feithimh, ionas gur féidir leat an oiread teideal agus is mian leat a fháil ar iasacht, níl le déanamh ach cliceáil agus téigh!

Tá sé éasca nascleanúint, níl le déanamh ach brabhsáil de réir catagóire nó cuardach de réir teidil.

Bain sult as grafaicí lándaite agus gnéithe idirghníomhacha le gach teideal.

**Faigh rochtain ar líne nó íoslódáil an aip Libby agus bain sult as a bhfuil le tairiscint ag Libby inniu.**

Tá Leabharlanna Fhine Gall ar na Meáin Shóisialta
Fingal Libraries are on Social Media

libraries.fingal.ie

## Freegal

Is é Freegal seirbhís sruthú ceoil Leabharlanna Fhine Gall

Sruth os cionn 15 milliún amhrán thar níos mó ná 200 seánra éagsúil, lena n-áirítear ceol ó chatalóg ealaíontóirí mór le rá Sony Music.

Sruthú gan teorainn agus íoslódáil suas le cúig traic in aghaidh na seachtaine, iad ar fad saor ó fhógraí!

Cruthaigh do seinnliostaí féin agus bain sult as saol an cheoil ar bharra do mhéar agat.

**Faigh rochtain ar líne nó íoslódáil an aip Freegal chun tosú ag éisteacht inniu.**

## Kanopy

Is é Kanopy seirbhís fís-sruthú Leabharlanna Fhine Gall.

Bain sult as scannáin chlasaiceacha, scannáin indie, scannánaíocht domhanda, cláir teilifíse, cláir faisnéise, cartúin agus físleabhair léigh-in-éineacht, tá rud éigin ann do gach duine sa teaghlach.

Brabhsáil de réir seánra, faigh amach rud éigin nua ó liostaí faoi thrácht nó cruthaigh do liostaí faire féin chun do bhailiúchán féin a choimeád.

Tá Kanopy saor ó fhógraí, mar sin ní chaillfidh tú nóiméad choíche.

Coinnigh na páistí beaga sásta le Kanopy Kids, ardán Kanopy féin díreach do leanaí, atá lán de chartúin, scannáin, seónna agus físleabhair.

Le Kanopy Kids, is féidir leat rialuithe do thuismitheoirí a shocrú chun ábhar atá oiriúnach d'aois a choinneáil ar leithligh.

**Faigh rochtain ar líne nó íoslódáil an aip Kanopy agus cuir tús le sruthú inniu. Tá Kanopy ar fáil freisin tríd an aip Libby agus ar do Smart TV, le teilgean ar fáil trí ghléasanna tacaithe.**

Tá Leabharlanna Fhine Gall ar na Meáin Shóisialta

Fingal Libraries are on Social Media

## Universal Class

Is ardán ríomhfhoghlama é Universal Class le níos mó ná 500 cúrsa oideachais agus fóillíochta ar líne saor in aisce le roghnú astu .

Foghlaim le ceachtanna fís-bhunaithe tarraingteach, trialacha grádaithe agus teastais ghnóthachtála.

Liostaítear na cúrsaí mar aon leis an am measta críochnaithe, líon na gceachtanna agus líon na scrúduithe agus na dtascanna a bhaineann leo chun cabhrú le húsáideoirí an cúrsa is fearr a aimsiú a oireann dá gcuid ama agus dá gcuid riachtanas.

Déantar cúrsaí a mhiondealú de réir catagóire agus fochatagóir, rud a ligeann d'úsáideoirí teacht ar chúrsaí spéise eile chun cur lena gcuid foghlama.

Faigh aiseolas agus marcanna, rianaigh an dul chun cinn, agus foghlaim ar do luas féin chun foghlaim aonair a phearsanú.

**Rochtain trí www.lgma.universalclass.com**

## ArtistWorks

Soláthraíonn Artist Works teagasc ceoil do thosaitheoirí go hardleibhéal le haghaidh na n-uirlisí banna agus téaduirlisí is coitianta agus gutha, a sholáthraíonn ceoltóirí gairmiúla.

Agus é inchurtha le heispéireas foghlama fíorsaoil, bain sult as teagasc na saineolaithe trí fhíscheachtanna féin-luas ó cheoltóirí agus ealaíontóirí a bhfuil cáil dhomhanda orthu.

Tá cúrsaí ann thar raon leathan seánraí.

Féach ar cheachtanna, cleachtaigh agus cuir isteach do chuid oibre le haghaidh aiseolais.

Tá ábhair scríofa in-íoslódáilte, táibléadach agus bileoga ceoil ann.

**Rochtain ar líne nó tríd an aip Libby.**

# Transparent Languages Online

Is ardán ríomhfhoghlama é Transparent Languages Online a thairgeann conair foghlama inrochtana do theangacha.

Le níos mó ná 110 teanga le roghnú astu, lena n-áirítear cúrsaí Béarla do dhaoine nach cainteoirí dúchais iad ó 30 teanga éagsúil, tairgeann Transparent Languages Online cur chuige solúbtha i leith na foghlama ionas gur féidir le húsáideoirí foghlaim ar a luas féin.

Ó bhunleibhéal go hardleibhéal, is féidir le húsáideoirí foghlaim conas éisteacht, léamh, scríobh agus teanga nua a labhairt.

Cuireann KidSpeak Béarla, Spáinnis, Fraincis, Iodáilis agus Mandairínis in aithne do leanaí.

Le leabhair oibre is féidir a íoslódáil, is féidir KidSpeak a úsáid mar uirlis foghlama teanga ilmheán do leanaí.

**Íoslódáil an aip nó faigh rochtain ar líne.**

# LOTE4Kids

Is bunachar sonraí ar líne é LOTE4Kids ina bhfuil breis agus 2,000 pictiúrleabhar ar fáil i mbreis agus 70 teanga éagsúil.

Le scéalta agus gníomhaíochtaí cabhraíonn sé le páistí Béarla a fhoghlaim mar dhara teanga, agus cuireann sé ar chumas na bpáistí taitneamh a bhaint as pictiúrleabhair ina dteanga féin.

Tagann aistriúcháin Bhéarla agus reacaireacht ar gach leabhar le canúintí RA, SAM nó na hAstráile chun cabhrú le leanaí atá ag foghlaim Béarla stór focal agus fuaimniú a fhoghlaim.

Le ríchártaí agus leibhéil, tá LOTE4Kids inrochtana do leanaí ag gach leibhéal léitheoireachta.

**Íoslódáil an aip nó faigh rochtain ar líne.**

Tá Leabharlanna Fhine Gall ar na Meáin Shóisialta

Fingal Libraries are on Social Media

## TumbleBooks and TumbleMath

Is acmhainní digiteacha iad TumbleBooks agus TumbleMath atá dírithe ar léitheoireacht agus litearthacht uimhriúil a thógáil agus a fheabhsú ó aois óg.

Is féidir le líon ar bith léitheoirí teacht ar theidil go comhuaineach, rud a fhágann gur rogha iontach iad do ranganna scoile nó do chlubanna leabhar.

Agus breis is 1,500 teideal ar fáil, is féidir leabhair phictiúr, leabhair chaibidle agus áiseanna amhairc in éineacht le pleananna ceachta agus tráth na gceist a úsáid chun spás foghlama níos tarraingtí a chruthú do leanaí.

Áiríonn TumbleBooks agus TumbleMath go leor acmhainní oideachais do mhúinteoirí freisin.

**Faigh rochtain ar TumbleBooks ar líne nó íoslódáil an aip.**
**Ní féidir teacht ar TumbleMath ach ar líne.**

## Coding Ireland

Tá cúrsaí forbartha ag Coding Ireland i 4 réimse ar leith, atá deartha chun an luathfhoghlaim a bhunú sna meáin dhigiteacha agus litearthachta.

Le Códú, Róbataic, Ealaín Dhigiteach & Beochan, agus Cibearshlándáil, spreagann na scileanna seo cruthaitheacht agus cabhraíonn siad leis an bpróiseas foghlama a fhorbairt trí dhéanamh agus trí thástáil.

Soláthraíonn clubanna ar líne saor in aisce uirlisí atá inrochtana go héasca do thuismitheoirí agus do leanaí ar spéis leo scileanna digiteacha nua a fhoghlaim le Coding Ireland.

Tá Clubanna Códaithe deighilte de réir aoise, le cúrsaí deartha chun leibhéil foghlama a oireann dá n-aois a thairiscint chun cabhrú le daltaí dul chun cinn a dhéanamh lena gcuid foghlama céim ar chéim.

**Cláraigh do chlubanna trí shuíomh gréasáin Fhine Gall.**

Tá Leabharlanna Fhine Gall ar na Meáin Shóisialta
Fingal Libraries are on Social Media

## TTRS (Touch-Type Read & Spell)

Is cúrsa ilchéadfach ar líne é TTRS a mhúineann tadhallchlóscríobh chun cabhrú le leanaí agus le daoine fásta a scileanna léitheoireachta, litrithe agus clóscríofa a fheabhsú.

Is cúrsa an-inrochtana é TTRS ina bhfoghlaimíonn daltaí conas tadhallchlóscríobh agus ag an am céanna ag forbairt scileanna litrithe, díchódaithe agus amharcléitheoireachta.

Soláthraíonn TTRSteagasc céim ar chéim le haiseolas agus scóir chun cabhrú le daltaí foghlaim ar a luas féin.

Oiriúnach do gach duine ach go háirithe do theaghlaigh a fhaigheann oideachas sa bhaile agus dóibh siúd a bhfuil deacrachtaí foghlama acu, disléicse, diospraicse, neamhord de chuid speictream an uathachais, NHEA, laige chuimhne fheidhmiúil agus próiseála.

**Déan teagmháil le library.eservices@fingal.ie chun clárú.**

## Lexia
## Core5 agus PowerUp

Is clár gréasán-bhunaithe é Lexia atá deartha chun cabhrú le daltaí le scileanna léamhthuisceana, cainte agus litearthachta.

Tá sé cruthaithe go gcuireann na cláir dlús leis an dul chun cinn agus go ndúnann siad an bhearna léitheoireachta chun cabhrú le cur chuige foghlama pearsantaithe a sheachadadh.

Is cur chuige níos cuimsithí é Core5 atá dírithe ar leibhéal na bunscoile le gníomhaíochtaí agus cuspóirí.

Tá PowerUp dírithe ar leibhéal na meánscoile agus daoine fásta atá scartha ina bpríomhréimsí chun cabhrú le díriú ar thorthaí foghlama sonracha i scileanna scríbhneoireachta, gramadaí agus léamhthuiscint.

Rianaigh dul chun cinn le marcanna agus aiseolas chun cabhrú le daltaí foghlaim ar a luas féin.

**Déan teagmháil le foireann Lexia ag lexia@fingal.ie chun clárú.**

Tá Leabharlanna Fhine Gall ar na Meáin Shóisialta
Fingal Libraries are on Social Media

libraries.fingal.ie

# Cá bhfuil mo leabharlann is cóngaraí?
## Where is my nearest library?

| | | |
|---|---|---|
| **Balbriggan** | 01 870 4401 | balbrigganlibrary@fingal.ie |
| **Baldoyle** | 01 890 6793 | baldoylelibrary@fingal.ie |
| **Blanchardstown** | 01 890 5560 | blanchlibrary@fingal.ie |
| **Donabate** | 01 890 5609 | donabate.library@fingal.ie |
| **Garristown** | 01 835 5020 | garristownlibrary@fingal.ie |
| **Howth** | 01 890 5026 | Howth.library@fingal.ie |
| **Malahide** | 01 870 4430 | malahidelibrary@fingal.ie |
| **Rush** | 01 870 8414 | rushlibrary@fingal.ie |
| **Skerries** | 01 890 5671 | skerrieslibrary.library@fingal.ie |
| **Swords** | 01 890 5582 | swordslibrary@fingal.ie |
| **Mobile Library Service** | 01 890 6719 | mobile.libraries@fingal.ie |
| **Housebound Library Service** | 01 860 4290 | housebound.library@fingal.ie |
| **Local Studies and Archives** | 01 870 4486 | Local.Studies@fingal.ie |

Tá Leabharlanna Fhine Gall ar na Meáin Shóisialta

Fingal Libraries are on Social Media

libraries.
fingal.ie